

# Leanaí, Tuismitheoirí agus Cosaint Sonraí: An bhféadaim gearán a dhéanamh thar ceann leanbh de mo chuid?



An Coimisiún um  
Chosaint Sonraí  
Data Protection  
Commission

## Réamhrá

I mí na Nollag 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí (DPC) cáipéis chuimsitheach dar teideal [Leanaí chun Tosaigh agus i Lár an Aonaigh: Bunphrionsabail maidir le Cur Chuige i ndáil le Próiseáil Sonraí atá Dírithe ar Leanaí \(Bunphrionsabail\)](#). Tá an cháipéis sin dírithe den chuid is mó ar eintitis agus ar eagraíochtaí a shocraíonn an chuspóir a bhíonn le sonraí pearsanta a phróiseáil (rialaitheoir sonraí) ar fud earnálacha éagsúla, an earnáil ar líne san áireamh, maidir le leanaí (leanaí is ábhar sonraí).

Is cosúil go síltear le teann míthuisceana nach bhfuil na cearta céanna ag leanbh maidir le cosaint sonraí agus atá ag an duine fásta, ach is cinnte gur míthuiscint sin. Tá feidhm ar an gcuma chéanna maidir le leanbh agus le duine fásta leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018 (Acht na bliana 2018). Faoi Alt 29 Acht na bliana 2018, is leanbh duine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois. Cé gur ionann na prionsabail maidir le cosaint sonraí atá le cur i bhfeidhm gan bheann ar aois an linbh, is fairsing an réimse aoise, ó thaobh cúrsaí forbartha, 0 go dtí 18 mbliana d'aois agus ní foláir dá bhrí sin tosca eile a thabhairt san áireamh chomh maith. Neamhspleách ar aois an linbh, is den tábhacht go dtugann daoine fásta chun aire gur amhlaidh is sonraí pearsanta de chuid an linbh sonraí pearsanta ar bith a bhaineann leis an leanbh sin agus nach dtagann athrú air sin. Ní le haon duine eile, mar shampla tuismitheoir/caomhnóir, sonraí den sórt sin agus ní bhíonn tuismitheoirí/caomhnóirí i dteideal na sonraí pearsanta sin ar bhonn na tuismitheoireachta/caomhnóireachta amháin.

I gcomhthéacs faoi leith réimse na gcúrsaí ar líne ("seirbhísí sochaí faisnéis"), tá cosaint is déine arís i gceist maidir le sonraí leanaí. Mar shampla, 16 bliana d'aois an aois linbh a shonraítear maidir leis an ré digiteach agus tá sé mídhleathach próiseáil ar bith a dhéanamh ar sonraí pearsanta an linbh atá faoi bhun 16 bliana d'aois gan toiliú tuismitheora/caomhnóra leis sin.

Ní ar an réimse ar líne a dhírítear leis an nóta treorach seo, áfach, ach féachtar le cuidiú le tuismitheoirí/caomhnóirí tuiscint a fháil ar bhealach is ginearálta ná sin ar chearta a gcuid leanaí maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú le heintitis agus le heagraíochtaí i gcomhthéacsanna éagsúla, mar shampla scoileanna, seirbhísí leighis agus fiú amháin ionaid spraoi. Chomh fada agus a bhaineann leis an gcáipéis seo, is tagairt an nath

“tuismitheoir/caomhnóir” ag an DPC d'aon duine is caomhnóir linbh faoin dlí, ábhar a phléitear thíos.

## Buneolas

Cé go bhfuil an dlí maidir le cosaint sonraí i bhfeidhm i ndáil le leanaí, is beag treoir a thugtar sa Rialachán GDPR faoin modh ina bhfeidhmeofaí cearta na leanaí i ndáil le cosaint sonraí. Mar shampla, cuirtear ar chumas dhaoine faoi Airteagal 15 sa Rialachán GDPR an ceart teacht ar fhaisnéis áirithe a fheidhmiú agus cóip dá gcuid sonraí pearsanta féin a iarraidh ar an rialaitheoir sonraí. Go teicniúil, is féidir le leanaí iarratas den chineál sin a dhéanamh faoin dlí maidir le cosaint sonraí. De réir mar a tharlaíonn dáiríre, áfach, ní dóiche gurb é atá de cheart acu maidir le cosaint sonraí a bheidh ar a (h)aire ag leanbh seacht mbliana d'aois cé nach móide gur mar a chéile a bheadh le rá faoi leanbh 17 mbliana d'aois. Is cinnte, ós mar seo a luaitear in Aithris 58 den Rialachán GDPR, go bhfeictear faoin Rialachán GDPR go mbeidh rialaitheoirí sonraí i mbun caidrimh le leanaí:

“Toisc go bhfuil cosaint ar leith dlite do leanaí, ba cheart aon fhaisnéis agus cumarsáid maidir le próiseáil a bhaineann le leanbh a thabhairt i dteanga shoiléir shimplí le go bhféadfaidh an leanbh í a thuiscint go héasca.”

Baineann na réimsí deacrachta is mó a ghabhann le cearta leanaí maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú agus nach bpléitear leo faoin Rialachán GDPR ná faoi Acht na bliana 2018, leis na ceistanna seo a leanas: Cé a fhéadann cearta leanaí maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú thar a gceann? Cé chomh mór agus is féidir le daoine den sórt sin na cearta sin maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú thar ceann na leanaí? Déantar ceistanna de na cineálacha seo a shocrú i ndáil leis an dlí náisiúnta i ngach Ballstát faoi leith.

## An Creat Dlí

### 1. Cearta leanaí faoin dlí

Déantar buneolas leathanréimseach maidir le cearta leanaí faoin dlí a phlé agus a lua i gCaibidil 2 de [Bhunphrionsabail](#) an DPC. Go ginearálta, leagtar bonn faoi chearta leanaí go náisiúnta (le hAirteagail éagsúla i mBunreacht na hÉireann, 1937 agus le forálacha éagsúla faoin reachtaíocht) agus go hidirnáisiúnta (le [Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh](#) agus ionstraimí dlí eile). Is faoin gcreat dlí seo a mhúnlaítear

dearcadh léirbhreithiúnais na rialaitheoirí, leithéid an DPC, maidir le cearta agus dualgais faoin dlí i ndáil le próiseáil ar shonraí pearsanta leanaí faoin Rialachán GDPR.

Is é bun na cúise go bhfuil cearta dá gcuid féin ag na leanaí, ar leith ó agus neamhspleách ar thuismitheoirí/caomhnóirí, agus go dtagann cearta maidir le cosaint sonraí san áireamh leo sin. Tá de cheart ag leanaí chomh maith go dtabharfaí aird orthu i ndáil le ceist ar bith a ghoilleann orthu ag teacht leis an acmhainn atá iontu maidir lena gcuid forbartha. Chomh maith leis an méid sin, ní mór leas an linbh a bheith mar bhonn le gach cinneadh a dhéantar i ndáil le sonraí pearsanta linbh a phróiseáil (“prionsabal leas an linbh”).

## **2. Údarás tuismitheora/caomhnóra faoin dlí**

Cé gur iondúil gur caomhnóir faoin dlí mórchuid na dtuismitheoirí, ní hea i ngach cás. Is fíor a mhalairt chomh maith, eadhon, ní tuismitheoir gach caomhnóir faoin dlí. Is é an stádas mar chaomhnóir faoin dlí a fhágann de cheart ag duine fásta cinneadh a dhéanamh i ndáil le leanbh, ach tá dualgais ag gabháil leis na cearta sin chomh maith maidir leis an leanbh a chothú agus a chumhdach. Caomhnóireacht faoin dlí an stádas a éilítear faoin dlí ionas gur ceadmhach do dhuine fásta cearta linbh a fheidhmiú thar ceann an linbh sin chomh fada agus gurb é leas an linbh sin a dhéanamh; tagann cearta linbh maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú faoina scáth sin.

Is den tábhacht a thabhairt chun aire nach dtugann agus nach dtabharfaidh an DPC breith maidir le duine a bheith i dteideal caomhnóireachta. Ní mór do dhuine déileáil roimh ré leis an gceist sin ar leithligh den chéad iarraidh, sula ndéantar aon cheist maidir le cosaint sonraí a chur faoi bhráid an DPC. Is é a bhun agus a bharr, sa chás gur mian le duine cearta linbh maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú le rialaitheoir sonraí, nó gearán a chur faoi bhráid an DPC thar ceann an linbh, gur gá don duine sin a bheith ina c(h)aomhnóir faoin dlí ag an leanbh.

## **3. Bunús faoin dlí le próiseáil a dhéanamh ar sonraí pearsanta linbh**

Faoin Rialachán GDPR, leagtar de dhualgas ar eagraíochtaí a dhéanann próiseáil ar sonraí pearsanta (i.e. rialaitheoirí sonraí) sin a dhéanamh ar mhodh dleathach (chomh maith le dualgais eile). Fágann sin gur gá bonn dleathach faoin Rialachán GDPR a bheith ag rialaitheoir le próiseáil a dhéanamh ar sonraí pearsanta. Baineann sin chomh maith le próiseáil a dhéanamh ar sonraí pearsanta linbh.

Leagtar amach in Airteagal 6 den Rialachán GDPR sé bhonn dleathach is féidir a bheith le próiseáil a dhéanamh ar sonraí pearsanta, cúig bhonn dleathach eile chomh maith le toiliú.

Fiú murar ndearna tuismitheoir/caomhnóir toiliú thar ceann an linbh le próiseáil a dhéanfadh an rialaitheoir sonraí ar shonraí pearsanta an linbh, d'fhéadfadh gur dleathach an phróiseáil sin a dhéanamh má tá foráil cheadaithe eile de bhonn leis. (Tugtar chun aire gur ní eile seo seachas an toiliú a éilítear i réimsí ar líne faoi Airteagal 8 den Rialachán GDPR).

#### **4. Cearta á bhfeidhmiú ag leanaí**

Níl aon dlí de chuid na hÉireann ina leagtar amach an aois ag a bhféadann leanaí a gcuid cearta féin faoin dlí a fheidhmiú. Is féidir le leanaí a gcuid cearta féin maidir le cosaint linbh a fheidhmiú tráth ar bith ach a bheith inniúil chuige sin agus ar choinníoll gurb é a leas é.

I bhfianaise a chasta agus a dhoiléire a bhíonn cuid mhór de na bearta idirghabhála agus caidrimh a bheadh ag leanaí le heagraíochtaí de chineálacha éagsúla, ba cheart go bhféadfadh leanbh duine fásta a bheith ag déanamh comhionadaíochta ina c(h)uideachta más mar sin is mian leis/léi an tráth a mbíonn a c(h)uid cearta á bhfeidhmiú aige/aici nó gearán á dhéanamh leis an DPC.

I ngach cás, is é seasamh an DPC gur chóir go gcuirfí ar chumas linbh a c(h)uid cearta maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú, dá stuaim féin nó le cúnaimh, agus nár cheart bac a chur ar leanbh sin a dhéanamh mar gheall ar aois, aibíocht nó inniúlacht an linbh.

#### **5. Cearta á bhfeidhmiú thar ceann linbh ag caomhnóir faoin dlí**

Tugann an DPC chun aire go bhfuil de thoimhde infhrisnéise faoi dhlí na hÉireann gur chun leasa an linbh atá tuismitheoir/caomhnóir ag déanamh mura mbíonn fianaise ar a mhalairt ar fáil.

Chomh maith leis an toimhde infhrisnéise seo, leagtar amach i gcáipéis Bhunphrionsabail an DPC, réimse (nach foriomlán) de thosca éagsúla is ceart d'eagraíochtaí a thabhairt san áireamh i ndáil le cinneadh arb é leas an linbh go ndéanfadh tuismitheoirí/caomhnóirí cearta a fheidhmiú thar a c(h)eann. Ar an gcuma chéanna, ba cheart do thuismitheoirí/caomhnóirí liosta na dtosca sin a thabhairt san áireamh agus an cheist á meas ar cheart comhairle treorach a chur ar leanbh maidir le déileáil é/í féin le hábhar buartha maidir le cosaint sonraí nó an fearr, i ngach cás, a d'fheidhmeodh tuismitheoir/caomhnóir na cearta sin thar ceann an linbh. Tugtar chun aire leis an liosta (nach foriomlán) de na tosca sin:

- Aois an linbh – Dá ghairde dá bhfuil an leanbh do 18 mbliana d'aois is ea is mó is dócha go bhfeidhmeoidh an leanbh féin na cearta sin maidir le cosaint sonraí;
- Cineál na sonraí pearsanta agus cineál na próiseála – Thabharfaí san áireamh leis seo an ghoilliúnacht agus an rúndacht a bhainfeadh leis na sonraí pearsanta

agus an bunús a bhí lena gcur ar fáil don eagraíocht nó a scaoileadh leis an eagraíocht ag an leanbh – mar shampla, an bhfuil dualgas rúndachta ar an eagraíocht i leith an linbh? D'fhéadfadh a leithéid sin a theacht i gceist sa chás go mbeadh leanbh ag freastal ar sheirbhísí comhairleoireachta teiripe;

- Cineál an chaidrimh/cheangail idir an leanbh agus an tuismitheoir/caomhnóir – Mar shampla, an bhfuil ordú cúirte maidir le rochtain/freagracht/coimeád/foréigean baile/cosaint linbh etc. i gceist?;
- An chuspóir atá ag tuismitheoir(i)/caomhnóir(i) le hiarracht cearta an linbh maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú – Mar shampla, an chun leasa an linbh amháin sin, nó an bhfuil an dara cuspóir nó an dara leas i gceist (i.e. leas tuismitheora/caomhnóra nó leas tríú páirtí, seachas an leanbh) le féachaint leis na cearta seo a fheidhmiú?;
- An é go dtoileodh, nó go deimhin go dtoilíonn, an leanbh le feidhmiú na gceart maidir le cosaint sonraí thar a c(h)eann ag tuismitheoir(i)/caomhnóir(i) agus aon dearcadh nó tuairim a chuireann an leanbh in iúl;
- An é go dtarlódh díobháil/anró ar bith don leanbh de thoradh ar a cheadú do thuismitheoir(i)/caomhnóir(i) cearta an linbh maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú.

Is ceart do thuismitheoirí/caomhnóirí a thuiscint gur minic a bhíonn ar rialaitheoirí sonraí forálacha eile faoin reachtaíocht nó rialacha earnála a shásamh chomh maith. Ina leithéid sin de chás, bheadh súil ag an rialaitheoir sonraí go gcuirfeadh an rialaitheoir sonraí sin in iúl do thuismitheoirí/caomhnóirí nuair a fhéachann siad le cearta leanbh dá gcuid maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú.

## Conclúid

Go hachomair, tá cearta maidir le cosaint sonraí ag leanaí, mar atá ag daoine fásta. Mura bhfuil leanbh inniúil ar a c(h)uid cearta féin maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú, as a stuaim féin nó in éineacht le hionadaí, is féidir sa chás sin le caomhnóir de chuid an linbh faoin dlí na cearta sin maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú thar ceann an linbh. Ní mór feidhmiú an chirt a dhéanamh chun leasa an linbh agus chun tairbhe an linbh amháin. Is leis an leanbh amháin na sonraí agus ní leis an gcaomhnóir faoin dlí. D'fhéadfadh go n-éileofaí ar chaomhnóir faoin dlí fianaise ar an gcaomhnóireacht a chur ar fáil don rialaitheoir sonraí agus don DPC sa chás go mbeadh gearán á dhéanamh thar ceann linbh.

Mar fhocal scoir, bíonn súil ag an DPC gur ar chúiseanna *bona fide* amháin a dhéanann daoine cearta maidir le cosaint sonraí a fheidhmiú thar ceann leanaí agus nach ar mhaithe le cuspóir phearsanta ar bith dá gcuid féin.

## Ceisteanna Coitianta

### Iarratas ó Ábhar Sonraí

Bíonn an ceart teacht ar shonraí pearsanta leanaí faoi Airteagal an Rialachán GDPR ar cheann de na ceisteanna a chuirtear go coitianta ar an DPC faoi chearta leanaí maidir le cosaint sonraí.

De ghnáth, sa chás go ndéantar iarratas ó ábhar sonraí ar chóip de shonraí pearsanta, ní bhíonn an duine sin i dteideal sonraí pearsanta ar bith seachas cóip de na sonraí pearsanta a bhaineann leis an duine sin as féin (“duine nádúrtha”). Ní páirt d'iarratas ó ábhar sonraí sonraí ar bith a bhaineann le duine eile (“tríú páirtí”) ná sonraí neamhpearsanta. Fágтар dá réir nach mbítear i dteideal faisnéis mar sin a fháil le hiarratas faoi Airteagal 15. Is féidir le duine a bheith ag tnúth le freagra ó rialaitheoir sonraí tráth nach deireanaí ná aon mhí amháin ón dáta ar a dtagann iarratas ó ábhar sonraí chuig an rialaitheoir sonraí; ina ainneoin sin, i líon beag cásanna áirithe, is féidir síneadh dhá mhí sa bhreis a chur leis tréimhse sin agus cuirtear in iúl don iarratasóir, sula mbíonn an tréimhse aon mhí amháin tosaigh caite, go bhfuil síneadh ama i gceist.

Sa chás go dtagann iarratas thar ceann linbh chuig rialaitheoir sonraí i ndáil le teacht ar shonraí pearsanta de chuid an linbh, ní mór don rialaitheoir sonraí a chinntiú go bhfuil údarás cuí faoin dlí iarratas mar sin a dhéanamh ar an gcéad dul síos ag an té a dhéanann an t-iarratas. D'fhéadfadh a theacht i gceist dá bharr go n-iarrfaí ar thuismitheoir/caomhnóir fianaise ar an stádas caomhnóireachta a chur faoi bhráid. Is faoi gach rialaitheoir sonraí bearta slándála dá gcuid féin a chur ar bun d'fhonn a chinntiú nach ndéanann siad foráil ar bith den dlí maidir le cosaint sonraí a shárú.

Ní foláir don rialaitheoir sonraí ansin an t-iarratas ó ábhar sonraí a mheas agus an liosta (nach uilechuimsitheach) de thosca a thabhairt san áireamh faoi mar a leagtar amach thuas. Beidh de dhualgas ar rialaitheoirí sonraí freisin aon fhaisnéis a bhaineann leis an tríú páirtí a fholú agus tiocfaidh san áireamh leis sin sonraí pearsanta ar bith a bhaineann leis an dara caomhnóir dleathach nó le tríú páirtí ar bith eile.

### Sampla 1

**C:** Is mian liom teacht a bheith agam ar nótaí leighis maidir le leanbh de mo chuid. Conas a fhaighim iad?

**F:** Más caomhnóir de chuid an linbh thú faoin dlí, is féidir leat iarratas ó ábhar sonraí a chur chuig an rialaitheoir sonraí faoi Airteagal 15 sa Rialachán GDPR ag iarraidh cóip de shonraí pearsanta an linbh. D'fhéadfadh go n-iarrfaí cruthúnas ort maidir leis an gcaomhnóireacht má tharlaíonn aon amhras le réasún ar an rialaitheoir maidir le

d'aithne. Níl teidlíocht uathoibríoch i gceist maidir leis na sonraí pearsanta seo ó tharla nach iad do chuid sonraí pearsanta féin iad. Beidh tosca éagsúla de bhonn leis na sonraí pearsanta a scaoileadh, leas an linbh san áireamh. Ag brath ar aois an linbh, d'fhéadfadh go ndearbhófaí an tuairim atá aigesean/aicise agus ar mian leis/léi maidir leis an gceist seo sula socrófaí an scaoilfí eolas leat.

## **Sampla 2**

**C:** Bhí leanbh de mo chuid i láthair in ionad spraoi an tseachtain seo caite agus rinne mé iarratas ó ábhar sonraí i ndáil le gach faisnéis atá ar coimeád ag an ionad faoin leanbh seo de mo chuid. Is mian liom, go háirithe, eolas a fháil faoi ainm an té a thug mo leanbhsa chuig an áit agus a shínigh an bhileog síniúcháin ar dul isteach.

**F:** Tá ainm an duine fásta a chuir síniúchán leis an mbileog le háireamh ar shonraí pearsanta an té sin agus is 'sonraí tríú páirtí' iad dá bhrí sin. Is amhlaidh an cás ó tharla nach bhfuil an t-ainm le háireamh ar shonraí pearsanta an linbh ná ar shonraí pearsanta an iarratasóra. Ní dócha, dá réir sin, faoin dlí maidir le cosaint sonraí go scaoilfeadh an rialaitheoir sonraí an t-eolas sin leis an té a rinne an t-iarratas. Is den tábhacht a thabhairt chun aire go leagtar de dhualgas ar rialaitheoirí sonraí faoi Airteagal 15(4) den Rialachán GDPR, mar chuid de ghnáthchúrsa na hoibre, an tionchar a bheadh ar thríú páirtí a mheas nuair a bhíonn sonraí tríú páirtí á dtabhairt san áireamh maidir le hiarratas ó ábhar sonraí.

## **Sampla 3**

**C:** Bíonn leanbh de mo chuid ag freastal ar sheirbhísí comhairleoireachta agus teiripe agus is mian le m'iarpháirtí teacht a bheith aige ar na nótaí comhairleoireachta. An féidir leis iad a fháil?

**F:** Mar a luaitear thuas, níl teidlíocht uathoibríoch ar shonraí pearsanta linbh i gceist maidir le caomhnóir an linbh sin. Ní mór don rialaitheoir sonraí, ar iarratas den chineál seo a theacht isteach, tosca éagsúla a thabhairt san áireamh sula ndéantar sonraí ar bith a scaoileadh. Tugtar san áireamh leas an linbh féin a mheas chomh maith lena bheith de cheart ag an leanbh go n-éisteofaí lena t(h)uairim faoi theacht a bheith ag tuismitheoir/caomhnóir ar na nótaí comhairleoireachta/teiripe. Tá ceart ginearálta príobháideachais ag leanaí freisin.

## **Líomhain gur Mídhleathach Próiseáil ar Shonraí Pearsanta**

### **Sampla 1**

**C:** Bíonn pictiúir de leanbh liomsa á gcur suas go seasta rialta ag a mháthair ar an leathanach príobháideach Facebook atá aici. D'iarr mé uirthi iad a bhaint anuas ach diúltaíonn sí sin a dhéanamh.

**F:** Tagann grianghraf a phostáil ar líne nó ar na meáin shóisialta faoi scáth sonraí pearsanta a phróiseáil. Os a choinne sin, sa chás samplach seo, is ar leathanach príobháideach Facebook dá cuid féin atá na grianghrafanna á bpostáil ag an tuismitheoir. Déantar foráil faoi Airteagal 2(2)(c) sa Rialachán GDPR do dhíolúine maidir le cúrsaí baile. Tagann sin i gceist nuair is cúram maidir lena c(h)uid gnóthaí pearsanta nó teaghlaigh féin amháin atá ar bun ag duine. Luaitear in Aithris 18 sa Rialachán GDPR:

“Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an bpróiseáil a dhéanann duine nádúrtha ar shonraí pearsanta le linn gníomhaíocht de chineál pearsanta nó de chineál tís amháin, is é sin próiseáil nach bhfuil aon nasc aici le gníomhaíocht ghairmiúil ná le gníomhaíocht tráchtála. D'fhéadfaí a áireamh ar ghníomhaíochtaí pearsanta nó ar ghníomhaíochtaí tís comhfhreagras agus coinneáil seoltaí, nó líonrú sóisialta agus gníomhaíocht ar líne a dhéantar i gcomhthéacs gníomhaíochtaí den sórt sin.”

Ós i gcomhthéacs príobháideach pearsanta a tharlaíonn grianghraif a phostáil sa chás samplach seo, ní thagann an dlí maidir le cosaint sonraí i gceist.

## **Sampla 2**

**C:** Bíonn pictiúir de leanbh liomsa á gcur suas go seasta rialta ag a athair ar chuntas poiblí gnó atá aige ar na meáin shóisialta. D'iarr mé air iad a bhaint anuas ach diúltaíonn sé sin a dhéanamh.

**F:** Ní éilítear faoin dlí maidir le cosaint sonraí toiliú ó bheirt tuismitheoirí/caomhnóirí i ndáil le cearta leanaí maidir leis an réimse céanna sin. Ag brath ar aois na leanaí, d'fhéadfadh tuairim acu féin maidir le grianghraif díobh a bheith le feiceáil ar chuntas poiblí gnó atá ag a n-athair ar na meáin shóisialta. Ó tharla gur cuntas gnó an ceann poiblí seo, ní dócha go dtiocfaidh an díolúine baile faoi Airteagal 2(2)(c) sa Rialachán GDPR i gceist.

Is é is casta faoin gcás samhalta seo gur caomhnóir faoin dlí an rialaitheoir sonraí. An dara caomhnóir faoin dlí an duine atá ag déanamh an ghearáin. Is é an chaoi nach n-aontaíonn ceachtar de na caomhnóirí leis an dara caomhnóir faoi chearta an linbh maidir le cosaint sonraí agus go bhfuil tuairimí éagsúla acu faoin ní is mó a bheadh chun tairbhe don leanbh. Ba cheart go mbeadh aird ag gach aon chaomhnóir ar leas an linbh agus ar mhianta an linbh. Faoi réim inniúlachta na dtuismitheoirí/caomhnóirí a



thagann a mheas cad é leas an linbh agus níor mhór socrú ina leith sin sula bhféadfadh an DPC déileáil le haon ghearán.